Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**16004/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0132 (COD)**

**JAI 1794**
**ASILE 113**
**FRONT 294**
**CODEC 1932**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme choincheap an tríú tír shábháilte<br>*- Cur chuige ginearálta*<br>*- Ráiteas ón nGréig* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo ráiteas ó thoscaireacht na Gréige maidir leis an rialachán thuasluaite.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**RÁITEAS ÓN nGRÉIG**

**maidir leis an**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme choincheap an tríú tír shábháilte**

Is céim thábhachtach é an t-athchóiriú ar choincheap an Tríú Tír Shábháilte chun cur ar chumas na mBallstát iarratais ar thearmann a phróiseáil ar bhealach níos éifeachtaí agus níos tapa agus, dá bhrí sin, meastar go bhfeabhsófar an bainistiú imirce leis.

Sa chomhthéacs sin, cuireann an Ghréig in iúl d'Uachtaránacht na Polainne agus d'Uachtaránacht na Danmhairge gur mór aici a n-iarrachtaí tiomnaithe agus as a rannpháirtíocht chuiditheach le linn an phróisis caibidlíochta d'fhonn teacht ar chomhréiteach cothrom. Leis na forálacha a bhaineann le coincheap an tríú tír shábháilte, léirítear príomhábhair imní na Gréige agus freastalaítear orthu.

Mar sin féin, is é seasamh na Gréige i gcónaí go dtéann leathnú raon feidhme Airteagal 68(3), maidir leis an éifeacht fionraíochta neamh-uathoibríoch, trí chásanna tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta i mBallstát a áireamh, thar raon feidhme beartaithe an athbhreithnithe ar choincheap an Tríú Tír Shábháilte mar a leagtar amach in Airteagal 77 é.

Ar an gcúis sin, staonfaidh an Ghréig ón vótáil ar an leasú ar Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte.